Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11828/26**

**FAO 25**
**AGRI 587**
**FOOD 98**
**VETER 120**
**PHYTOSAN 71**
**ENV 936**
**SAN 585**
**SUSTDEV 62**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le 'Aon Sláinte Amháin' sna córais agraibhia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Aon Sláinte Amháin' i gcórais agraibhia, a d'fhormheas an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) ag an 4190ú cruinniú a bhí aici an 13 Iúil 2026.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Aon Sláinte Amháin' sna córais agraibhia

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DI:

- Conclúidí ón gComhairle an 29 Eanáir 2024 maidir le Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú[1];

- Conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2024 maidir le Todhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh: Eoraip a thugann aire dá saoránaigh, a ullmhaíonn agus a thugann cosaint[2];

- Moladh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2023 maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige Aon Sláinte Amháin[3];

- Conclúidí ón gComhairle an 26 Bealtaine 2021 maidir le tosaíochtaí an Aontais do Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia[4].

---

**1** 5908/24.
**2** 11597/24.
**3** *IO C* 220, 22.6.2023, lgh. 1-20.
**4** 9335/21.

**Prionsabail ghinearálta**

1. MEABHRAITEAR DI go sonraítear in Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nach mór don Aontas ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine i sainmhíniú agus i gcur chun feidhme na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí go léir.

2. TUGANN SÍ LE FIOS nach féidir sláinte an duine a chosaint ina haonar agus go bhfuil sí nasctha go dlúth le sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinte na n-éiceachóras i gcoitinne arb iad is bonn dár gcórais agraibhia, agus go mbraitheann sí orthu freisin[5]. I ndáil leis an méid sin, MEABHRAÍTEAR DI gur cur chuige comhtháite aontaitheach é 'Aon Sláinte Amháin' darb aidhm an chothromaíocht i sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte na n-éiceachóras agus an chomhshaoil i gcoitinne a bhaint amach go hinbhuanaithe agus í a bharrfheabhsú[6].

3. Aithníonn sí gur féidir leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin' rannchuidiú le húsáid níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní trí bhíthin ghníomhaíocht chomhtháite choisctheach.

4. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé cultúr na hAon Sláinte Amháin a chothú go leanúnach, lena n-áirítear trí oideachas, oiliúint agus múscailt feasachta, go háirithe i measc na nglúnta óga, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin idirnasctha sláinte, chomhshaoil agus inbhuanaitheachta ar bhealach comhtháite.

5. LEAGANN SÍ BÉIM AR a ríthábhachtaí atá córais agraibhia inbhuanaithe athléimneacha, cuimsitheacha chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine, san fhadtéarma, ar bhia agus ar aistí bia atá leordhóthanach, sábháilte, inacmhainne, agus cultúir áitiúla bhia á gcur san áireamh ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, CUIREAN SÍ I bhFIOS nach mbainfear an tslándáil dhomhanda fhadtéarmach bia amach mura ndéanfar úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha a chosaint agus a áirithiú agus mura gcosnófar sláinte plandaí, sláinte ainmhithe agus sláinte na n-éiceachóras. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le cur chuige iomlánaíoch córasach chuige sin, a mbeidh taighde agus an nuálaíocht mar bhonn taca leis.

---

5 Tuigtear gurb é atá i gceist le córais agraibhia na gníomhaíochtaí agus na gníomhaithe idirnasctha uile a bhfuil baint acu le bia a thabhairt ón bpáirc go dtí an forc. Cuimsíonn an sainmhíniú sin gach céim, ón táirgeadh agus an phróiseáil talmhaíochta go dtí an dáileadh, an tomhaltas agus an bainistiú dramhaíola.

6 D'fhorbair an Painéal Ardleibhéil Saineolaithe um 'Aon Sláinte Amháin' an sainmhíniú seo a leanas ar 'Aon Sláinte Amháin' in 2022: is cur chuige comhtháite aontaitheach é 'Aon Sláinte Amháin' darb aidhm an chothromaíocht i sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte na n-éiceachóras a bhaint amach go hinbhuanaithe agus í a bharrfheabhsú. Aithnítear ann, go bunúsach, go bhfuil sláinte an duine, sláinte ainmhithe clóis, sláinte ainmhithe fiáine, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil i gcoitinne (lena n-áirítear éiceachórais) fite fuaite le chéile agus spleách ar a chéile.'.

6. AITHNÍONN SÍ go leagtar béim sa 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia', a thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí Feabhra 2025[7], ar a thábhachtaí atá sé go bhfeidhmeoidh gach gné den earnáil agraibhia laistigh de theorainneacha an phláinéid agus go rannchuideoidh siad le cuspóirí aeráide, le caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta, le hithreacha sláintiúla, le huisce glan agus le córais bhia athléimneacha ag an am céanna.

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gurb iad na córais agraibhia a nascann sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinte an éiceachórais le chéile, agus gur creat comhtháite atá sa chur chuige 'Aon Sláinte Amháin' chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí idirnasctha agus ar na dúshláin trasearnála atá roimh na córais agraibhia.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS go scaiptear an fhrithsheasmhacht frithmhiocróbach feadh an chomhéadain idir an duine agus ainmhithe agus an comhshaol; ciallaíonn sé sin gur féidir le pataiginí frithsheasmhacha agus géinte frithsheasmhacha scaipeadh idir daoine, beostoc, fiadhúlra agus éiceachórais gan beann ar an áit as a dtáinig siad an chéad lá, agus go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe ina leith sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá an cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' chun aghaidh a thabhairt ar an bhfrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart na bearta a bhunú ar reachtaíocht an Aontais agus ar na caighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil níos mó i gceist leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin' ná straitéis sláinte; is amhlaidh is príomhchumasóir freisin é do na córais agraibhia inbhuanaithe athléimneacha.

---

7 6385/25 – Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia - earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht.

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh de bharr na ndúshlán a bhain leis na cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' roimhe seo, ar an bhfianaise eolaíoch agus ar thaithí phraiticiúil chun cineálacha cur chuige comhtháite a neartú feadh na gcóras agraibhia.

11. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfaí coigilteas suntasach fadtéarmach a ghiniúint tríd an cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' a ionchorprú sna córais agraibhia tríd an bhfócas a aistriú ón mbainistiú géarchéime atá dian ar acmhainní - amhail freagairt do phaindéimí, do ghéarchéimeanna sláinte ainmhithe nó do theip na barr - i dtreo cosc costéifeachtach agus athléimneacht shistéamach, agus na buiséid phoiblí á gcosaint agus an comhtháthú sóisialta á neartú dá réir.

**An cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' a chur i bhfeidhm sna córais agraibhia**

12. Á chur i bhfios go láidir go dtugtar le tuiscint le cur i bhfeidhm an chur chuige 'Aon Sláinte Amháin' sna córais agraibhia, lena n-áirítear na córais bhia talún agus uisceacha, go dtabharfar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinte na n-éiceachórais ar bhonn cothrom agus a n-idirspleáchas á aithint go hiomlán ag an am céanna.

13. A mhéid a bhaineann le **sláinte an duine**, LEAGANN SÍ BÉIM AR an méid seo a leanas:

- na hidirnaisc suntasacha idir na córais agraibhia agus sláinte an duine, ós rud é go bhfuil tionchair dhíreacha agus indíreacha ag gach comhpháirt den slabhra bia – lena n-áirítear an táirgeadh príomhúil, an phróiseáil, an stóráil, an t-iompar, an mhargaíocht, an tomhaltas agus an bainistiú dramhaíola — ar shláinte an duine aonair agus ar shláinte phoiblí araon;

- an géarghá atá le cineálacha cur chuige atá dírithe ar chosc sna córais agraibhia, ar cur chuige iad a rannchuidíonn le laghdú a dhéanamh ar ghalair bhia-iompartha agus uisce-iompartha, ar gach cineál míchothaithe agus ar ghalair a bhaineann le haiste bia, ar nochtadh d'éilleáin agus ar riosca zónóiseach;

- an tábhacht bhunúsach a bhaineann le patrúin chothaithe shláintiúla a chur chun cinn, agus cultúir bhia áitiúla á n-aithint ag an am céanna, go háirithe trí oideachas agus múscailt feasachta, rochtain níos fearr ar fhaisnéis agus ar thimpeallachtaí bia níos sláintiúla, agus, ar an gcaoi sin, ualach an ghalair chardashoithíoch agus galair neamhtheagmhálacha eile a laghdú.

14. A mhéid a bhaineann le **sláinte agus leas ainmhithe**, LEAGANN SÍ BÉIM AR an méid seo a leanas:

- is comhpháirteanna lárnacha de chórais agraibhia athléimneacha inbhuanaithe iad sláinte agus leas ainmhithe. Le táirgeadh beostoic agus dobharshaothrú inbhuanaithe, a bhfuil ardchaighdeáin sláinte agus leasa ainmhithe mar bhonn taca leis, rannchuidítear leis an tslándáil bia, slite beatha tuaithe agus táirgeadh sábháilte bia; ina theannta sin, is lú seans go dtiocfaidh galair zónóiseacha chun cinn agus go leathfaidh siad agus maolaítear an tionchar ar an gcomhshaol;

- is comhpháirteanna ríthábhachtacha i gcónaí de chur chun feidhme an chur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ iad an bhithshlándáil, cosc agus rialú galar (lena n-áirítear straitéisí vacsaínithe), úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach, córais faireachais, agus ardchaighdeáin leasa ainmhithe;

- tá an Creat Domhanda um Rialú Forchéimnitheach ar Ghalair Ainmhithe Trasteorann, atá faoi stiúir chomhpháirteach na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO) agus na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), fós ina shásra tábhachtach chun galair trasteorann ainmhithe a bhainistiú agus, ar an gcaoi sin, rannchuidíonn sé le sábháilteacht bia, slite beatha inbhuanaithe, trádáil shlán, slándáil bia agus sláinte phoiblí;

- ba cheart bearta lena dtugtar aghaidh ar shláinte agus leas ainmhithe a bhunú ar reachtaíocht an Aontais agus ar chaighdeáin arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.

15. A mhéid a bhaineann le **sláinte plandaí**, LEAGANN SÍ BÉIM ar an méid seo a leanas:

- tá plandaí agus foraoisí sláintiúla ríthábhachtach d’fholláine an duine agus do chórais agraibhia athléimneacha, lena gcuirtear bia, beatha, ocsaigin agus seirbhísí riachtanacha éiceachórais ar fáil agus, ag an am céanna, lena dtacaítear leis an mbithéagsúlacht, lena gcothaítear ithreacha sláintiúla agus lena laghdaítear an baol go mbeidh díghrádú talún, éagobhsaíocht hidréiceolaíoch agus iarmhairtí zónóiseacha ann;

- is ríthábhacht iad córais éifeachtacha faireachais agus luathrabhaidh, agus is den ríthábhacht é go mbainfí an úsáid is fearr as réitigh theicneolaíocha, chun lotnaidí agus galair plandaí a chosc, a bhrath go tráthúil agus a bhainistiú ar bhealach comhtháite inbhuanaithe;

- cuidíonn cleachtais inbhuanaithe cosanta plandaí, lena n-áirítear bearta comhtháite bainistithe lotnaidí agus fíteashláintíochta, le leathadh lotnaidí agus galar a chosc go háitiúil agus níos faide i gcéin, agus, dá réir sin, cuidíonn siad le sláinte an duine, leis an mbithéagsúlacht, le héiceachórais talún agus uisceacha, le foraoisí agus inbhuanaitheacht fhoriomlán chomhshaoil a chosaint;

- Is riachtanach iad plandaí, foraoisí agus na córais fhoraoisbhunaithe do chórais agraibhia inbhuanaithe; ceapann siad carbón agus tacaíonn siad leis na héiceachórais agus le sláinte an chomhshaoil;

- le cineálacha cur chuige tírdhreachbhunaithe, lena n-áirítear córais agrafhoraoiseachta, agus foraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe, neartaítear an bhithéagsúlacht, athléimneacht na n-éiceachóras agus oiriúnú don athrú aeráide, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidítear le cuspóirí an chur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ agus le hathléimneacht na gcóras agraibhia.

16. A mhéid a bhaineann leis an g**comhshaol agus sláinte an éiceachórais**, LEAGANN SÍ BÉIM AR an méid seo a leanas:

- braitheann na córais agraibhia ar shláinte an chomhshaoil agus an éiceachórais agus bíonn tionchar acu air sin, lena n-áirítear aer agus uisce glan, bithéagsúlacht, ithreacha sláintiúla, foraoisí agus córais uisceacha, agus córais chobhsaí aeráide;

- tá méadú ag teacht ar na rioscaí a bhaineann le díghrádú an chomhshaoil, le truailliú, le cailliúint na bithéagsúlachta agus leis an athrú aeráide ar fud na gcóras agraibhia, rud a bhfuil drochthionchair aige ar shláinte an duine, ar shláinte ainmhithe agus ar shláinte plandaí agus ar éiceachórais talún agus uisceacha; dá bhrí sin, is ríthábhachtach iad cineálacha cur chuige comhtháite agus iomlánaíocha chun an athléimneacht a neartú, chun rioscaí carnacha a laghdú agus chun tacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-éiceachóras;
- is féidir le córais táirgthe inbhuanaithe, lena n-áirítear cineálacha cur chuige agraí-éiceolaíocha agus cineálacha cur chuige nuálacha eile atá bunaithe ar chleachtais atá tíosach ar acmhainní, fónta ó thaobh an chomhshaoil de agus freagrach go sóisialta, in éineacht le hathchóiriú éiceachórais, torthaí dearfacha comhshaoil a bhaint amach agus rioscaí sistéamacha fadtéarmacha a laghdú ag an am céanna, lena n-áirítear iarmhairtí pataiginí idir an fiadhúlra agus ainmhithe clóis a bhaineann le díghrádú gnáthóige.

17. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá gníomhaíocht chomhtháite chomhoibríoch ar fud na réimsí thuas chun rioscaí trasearnála a laghdú, lena n-áirítear teacht chun cinn galar agus zónóisí bia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha, an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, lotnaidí agus galair plandaí agus díghrádú na n-éiceachóras.

18. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe eolaíochtbhunaithe chun na rioscaí sin a laghdú, cur chuige lena dtabharfar aghaidh ar na cúiseanna coitianta atá leo, cuir i gcás galair thógálacha atá ag teacht chun cinn, aistí bia míshláintiúla, cailliúint na bithéagsúlachta, truailliú agus díghrádú an chomhshaoil, tionchair aeráide, córais táirgthe neamh-inbhuanaithe agus úsáid mhíchuí ionchur talmhaíochta.

19. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go neartaítear faireachas, luathrabhadh, cosc, ullmhacht agus forbairt athléimneachta go mór tríd an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ a chur i bhfeidhm sna córais agraibhia, agus, ar an gcaoi sin, go dtacaítear le freagairtí beartais níos comhleanúnaí, lena n-áirítear thar theorainneacha agus ar an leibhéal réigiúnach.

20. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar fud an tslabhra agraibhia agus comhleanúnachas beartais níos láidre ar fud na réimsí beartais ábhartha uile chun gur féidir cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' a chur chun feidhme sna córais agraibhia.

21. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá deireadh a chur le bacainní institiúideacha agus earnála ar an leibhéal intíre agus ar an leibhéal domhanda agus leanúint de chomhtháthú breithnithe i dtaca leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin' a chur chun cinn i socrú caighdeán idirnáisiúnta, go háirithe laistigh de Choimisiún Codex Alimentarius, de WOAH agus den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC), agus, ar an gcaoi sin, tacú le trádáil idirnáisiúnta shábháilte intuartha.

**<u>An rialachas éifeachtach agus coinníollacha iomchuí cumasúcháin</u>**

22. LEAGANN SÍ BÉIM AR a ríthábhachtaí atá an rialachas éifeachtach agus coinníollacha iomchuí cumasúcháin chun prionsabail na hAon Sláinte Amháin a chur i ngníomh, agus an úsáid is fearr á baint as na struchtúir agus na hacmhainní atá ann cheana agus feabhas á chur ar an gcomhar ar fud na n-earnálacha ábhartha agus na leibhéal rialachais uile, agus i measc na bpáirtithe leasmhara uile.

23. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fail chun tacú le glacadh an chur chuige 'Aon Sláinte Amháin' sa chleachtas, lena n-áirítear tríd na hionstraimí airgeadais agus fioscacha atá ann cheana a ghiaráil, an rochtain ar eolas agus ar nuálaíocht a chur chun cinn, agus an comhar teicniúil, an malartú eolais agus an fothú acmhainneachta a neartú, lena n-áirítear i dtíortha comhpháirtíochta agus i ngeilleagair atá i mbéal forbartha.

24. AITHNÍONN SÍ nach mór imthosca éagsúla náisiúnta, córais táirgthe, socruithe institiúideacha, dálaí comhshaoil agus tosaíochtaí forbartha a chur san áireamh agus an cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' á chur chun feidhme sna córais agraibhia. Is den ríthábhacht iad an cur chuige áitiúil agus an cur chuige críochach, i bhfianaise éagsúlacht na gcóras agraibhia agus na n-éiceachóras.

25. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht an chur chuige 'Aon Sláinte Amháin' sna córais agraibhia, agus MOLANN SÍ sásraí faireacháin, faireachais agus tuairiscithe a úsáid chun tacú leis an gcinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus leis an bhfeabhas leanúnach.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt i dtaca le comhordú, comhleanúnachas beartais, comhar teicniúil, fothú acmhainneachta, malartú dea-chleachtais, oideachas, múscailt feasachta agus comhroinnt eolais maidir leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin' sna córais agraibhia, agus ualaí míchuí riaracháin nó tuairiscithe á seachaint ag an am céanna.

**<u>An comhar idirnáisiúnta</u>**

27. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le comhar idirnáisiúnta go fóill, go háirithe trí rannpháirtíocht neartaithe leis na ceithre pháirtí 'Aon Sláinte Amháin' (FAO, EDS, WOAH agus UNEP), leis an gCoimisiún Codex Alimentarius, le IPPC, le CGIAR agus le creataí ábhartha EDT chun cuspóirí na hAon Sláinte Amháin a chur chun cinn ar bhealach comhleanúnach, éifeachtach agus eolaíochtbhunaithe ar fud na gcóras agraibhia, lena n-áirítear trí chomhleanúnachas agus sineirgí feabhsaithe idir obair na n-eagraíochtaí ceithrepháirteacha agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ábhartha.

28. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil FAO, EDS, WOAH, UNEP, an Coimisiún Codex Alimentairuis agus IPPC ag ionchorprú na bprionsabal a bhaineann leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin' ina gcuid oibre.

29. Cuireann sí i dtreis go gcuireann na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag an gCoimisiún Codex Alimentarius, ag WOAH agus ag IPPC creat seanbhunaithe eolaíochtbhunaithe ar fáil lena dtacaítear le cur chun feidhme an chur chuige 'Aon Sláinte Amháin' agus lena gcumasaítear trádáil idirnáisiúnta shábháilte.

30. AITHNÍONN SÍ go bhfuil comhar leanúnach leis na comhlachtaí sin ríthábhachtach i gcónaí chun comhleanúnachas agus intuarthacht a choinneáil laistigh den chóras idirnáisiúnta sláintíochta agus fíteashláintíochta; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS, i ndáil leis an méid, sin gurb é Comhaontú EDT maidir leis an gCóras Sláintíochta agus Fíteashláintíochta an príomhchreat dlíthiúil idirnáisiúnta lena rialaítear bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta eolaíochtbhunaithe agus go leanann sé de dheimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a chur ar fáil don trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí agraibhia.

31. ATHDHEABHRAÍONN SÍ tiomantas iomlán an Aontais don chomhar ilearnála arna bhunú tríd an gcomhpháirtíocht cheithrepháirteach idir FAO, EDS, WOAH agus UNEP d'fhonn acmhainneachtaí comhtháite faireachais, coisc, ullmhachta agus freagartha a neartú ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR an rannchuidiú tábhachtach a rinne an Painéal Saineolaithe Ardleibhéil 'Aon Sláinte Amháin' chun anailís agus cinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus eolaíochtbhunaithe a neartú.